# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta 2023



# Réamhrá

Is é an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta ceann riaracháin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an tOifigeach Cuntasaíochta, atá freagrach faoin dlí chuig Dáil Éireann as rialachas agus feidhmíocht na hOifige. Tugann an Oifig tacaíocht don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir lena bhfeidhmeanna bunreachtúla agus reachtúla a chleachtadh. Is iad árachais go Dáil Éireann príomh-aschuir na hOifige maidir le cruinneas thart ar 285 cuntas bliantúil comhlachtaí agus cistí poiblí, agus tuarascálacha ar bhainistíocht airgeadais acmhainní an Stáit. Le linn na bliana 2023, chuir an Oifig 26 tuarascáil i gcrích maidir le saincheisteanna áirithe freisin.

Feidhmíonn coiste iniúchóireachta chun tacú leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le comhlíonadh a ndualgas trí árachas neamhspleách a chur ar fáil maidir le héifeachtúlacht córas, ábhair a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach agus tá sé mar aidhm aige chomh maith forbairt dea-chleachtais a chothú go ginearálta maidir le hiompar iniúchóireachta inmheánaí agus bainistíochta riosca san Oifig. I gcomhréir le cairt an choiste, tuairiscíonn an coiste go bliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana. Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomh-shaincheisteanna a scrúdaigh an coiste le linn na bliana 2023, mar aon leis na príomhcheisteanna a ndíreofar orthu go luath amach anseo.

## Ról an choiste

Feidhmíonn an coiste faoi chairt scríofa, a leagtar amach i bhfoscríbhinn A.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcairt le linn na bliana 2023 i gcomhréir leis an gceanglas go ndéanfadh an coiste athbhreithniú air ó am go ham lena chinntiú go bhfuil sé iomchuí do riachtanais na hOifige agus go bhfuil sé i gcomhréir le dea-chleachtas.

Tugann an coiste tacaíocht don chóras cuntasachta san Oifig trí chomhairle neamhspleách a chur ar fáil agus, go háirithe , trína

- mhaoirseacht ghinearálta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus trí chomhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoibriúchán agus forbairt na feidhme sin
- athbhreithniú ar nósanna imeachta bhainistíocht riosca na hOifige agus comhairle ina dtaobh
- athbhreithniú agus comhairle ar thuarascálacha airgeadais agus feidhmíochta bliantúla na hOifige

# Coiste Iniúchóireachta 2023

Le linn na bliana 2023, cúigear comhaltaí a bhí seachtrach ón Oifig a bhí sa choiste:

- **An tUasal John McCarthy** (Cathaoirleach) - Iar-Ardrúnaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag an am.
- **Anne Vaughan, Uasal -** Iar-Leasrúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta ag an am.
- **Geraldine Smith, Uasal -** Iar-Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí don FSS agus Tusla.
- **Diane McGiffen, Uasal -** Príomhfheidhmeannach Dhlí-Chumann na hAlban
- **An tUasal Michael Whitehouse** (suas go dtí an 28 Márta 2023) - Iar-Phríomhoifigeach Oibriúcháin, Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na RA. Le héifeacht ón 1 Meitheamh 2023, tháinig **an tUasal Daniel Lambauer** - Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Straitéis agus Acmhainní, Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na RA, in áit Michael.

Le linn na bliana 2023, ba í Colette Drinan, Uasal, a bhí i ról an Oifigigh Cuntasaíochta. Thug na stiúrthóirí iniúchóireachta cúnamh don choiste le linn na bliana - Colette Drinan, Uasal, an tUasal Andy Harkness agus Deirdre Quaid, Uasal.

Bhí an tUasal Shane Carton ag feidhmiú mar rúnaí an choiste suas go dtí Meitheamh 2023. Le héifeacht ón 1 Iúil 2023, tháinig an tUasal Mitchell McIntyre in áit Shane mar rúnaí an choiste.

**Bhí ceithre chruinniú coiste le linn na bliana 2023. D'fhreastail duine de na comhaltaí agus duine de na stiúrthóirí ar thrí as ceithre de na cruinnithe. Bhí tinreamh 100% i gceist leis an gcuid eile de na comhaltaí, an cathaoirleach, na stiúrthóirí agus rúnaí an choiste.**

# Maoirseacht ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí

Déantar iniúchóireachtaí inmheánacha a choimisiúnú ag, agus déantar iad a thuairisciú chuig an Oifigeach Cuntasaíochta, agus déantar monatóireacht ar an bpróiseas ag an gcoiste iniúchóireachta. Le cairt scríofa ar leithligh arna chomhaontú ag an gcoiste iniúchóireachta agus an tOifigeach Cuntasaíochta, rialaítear obair na ndaoine atá fostaithe chun sannacháin iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích.

Déantar cur síos ar an méid seo a leanas ag an gcairt, a rinneadh athbhreithniú air le linn na bliana 2023 agus atá leagtha amach i bhfoscríbhinn 8,

- ról agus freagrachtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí
- údarás agus scóip na hoibre a cuireadh i gcrích
- bearta chun neamhspleáchas na hiniúchóireachta inmheánaí a chinntiú
- an cur chuige i leith oibre, agus
- tuairisciú agus nósanna imeachta leantacha.

Soláthraítear seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí faoi chonradh ag gnólacht iniúchóireachta seachtraí. Tar éis comórtas soláthair phoiblí, ceapadh Deloitte mar iniúchóir inmheánach ar feadh tréimhse trí bliana, ag tosú sa bhliain 2021. Nuair a ceapadh Deloitte, rinneadh anailís maidir leis na rioscaí roimh an Oifig agus forbraíodh plean rollach ilbhliantúil de réimsí ar ghá scrúdú a dhéanamh orthu. Déanann an coiste athbhreithniú ar na rioscaí agus an plean go bliantúil, i mbun plé leis an Oifigeach Cuntasaíochta, agus tugtar tús áite do réimsí ar ghá scrúdú a dhéanamh orthu i gcomhréir le rioscaí agus forbairtí atá ag teacht chun cinn. Cuireadh an conradh le Deloitte i gcrích ag deireadh na bliana 2023. Tar éis comórtas soláthair phoiblí, ceapadh Mazars mar iniúchóir inmheánach ar feadh tréimhse trí bliana, ag tosú ag tús na bliana 2024. D'fhreastail Mazars ar an gcruinniú Coiste deireanach sa bhliain 2023 chun plé aistrithe a dhéanamh leis an gCoiste agus Deloitte.

Chomhaontaigh an coiste clár iniúchóireachtaí inmheánacha le cur i gcrích ag Deloitte le linn na bliana 2023 i mí na Samhna 2021. Is iad seo a leanas na trí thuarascáil iniúchóireachta inmheánacha a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023:

- Athbhreithniú ar rialachas corparáideach
- Athbhreithniú leantach
- Monatóireacht straitéiseach agus athbhreithniú tuairiscithe.

## Cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha comhaontaithe a mheas

D'iarr an coiste iniúchóireachta ar thuarascáil ón bhfeidhmeannach maidir le moltaí iniúchóireachta inmheánaí leantacha fós le réiteach ag gach cruinniú sa bhliain 2023. Tháinig laghdú ar líon na moltaí oscailte ón mbliain 2022 agus iniúchóireachtaí ní ba luaithe ó dheich ag tús na bliana 2023 go sé faoi dheireadh na bliana. Maidir le trí mholadh oscailte a bhí fágtha ó iniúchóireachtaí a cuireadh i gcrích roimh an mbliain 2022, baineann siad le réimse bainistíochta taifead agus baineann ceann amháin le nochtaí cosanta. Bhí seacht moladh nua ó iniúchóireachtaí inmheánacha a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023 agus tá cúig fós oscailte ag deireadh na bliana 2023.

## Athbhreithnithe comhréireachta ISO

Tar éis próiseas soláthair phoiblí, fostaíodh Deloitte i mí Lúnasa 2021 ar chonradh trí bliana chun clár athbhreithnithe comhréireachta a chur i gcrích maidir le deimhniú na hOifige faoin gcaighdeán ISO 27001:2013. Cuireadh tuarascáil amháin dá leithéid maidir le hathbhreithniú comhréireachta faoi bhráid an choiste iniúchóireachta le linn na bliana 2023.

# Athbhreithniú agus monatóireacht bainistíochta riosca

Feidhmíonn córas bainistíochta riosca san Oifig ina bhfuil bearta bainistíochta riosca leabaithe laistigh de phróiseas pleanála gnó, measúnachtaí ar rioscaí rannáin agus ceardlanna foirne bliantúla. Cuimsítear le ról comhairleach an choiste iniúchóireachta gach ábhar a bhaineann le bainistíocht riosca agus an ról sin a chur i gcrích, déanann an coiste an méid seo a leanas

- scrúdú rialta maidir le huasdátaithe ar an gclár riosca agus an plean cóireála riosca
- athbhreithniú ar oibriúchán an chórais bainistíochta riosca laistigh den Oifig, agus
- leordhóthanacht an bheartais bainistíochta riosca a bhreithniú.

Triúir Stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca atá i gCoiste Bainistíochta Riosca na hOifige (CBR) tagann siad le chéile ar bhonn ráithiúil chun cláir riosca na hOifige a phlé agus a uasdátú. Tar éis gach cruinnithe ráithiúil, foilsítear an deich riosca corparáideacha is mó go hinmheánach ar inlíon na hOifige don fhoireann ar fad mar aon le meabhrúchán ar an seoladh ríomhphoist tuairiscithe riosca atá ar fáil don fhoireann ar fad chun aon riosca a thuairisciú. Ag tosú i mí na Nollag 2023, foilsítear na deich riosca corparáideacha is mó ar leathanach idirlín seachtrach na hOifige. Ag gach cruinniú coiste iniúchóireachta, cuireann an tOifigeach Cuntasaíochta an clár riosca faoi bhráid an choiste agus soláthraíonn sé/sí uasdátú ginearálta maidir le haon ábhair a bhaineann le riosca san Oifig.

Le linn na bliana 2023, níor rátáil an CBR aon riosca iarmharach ag leibhéal ard. Bhain na rioscaí is airde a rangaigh an CBR le linn na bliana le hearcaíocht foirne agus acmhainneacht foirne a uasmhéadú, freagairt go cuí le nochtaí cosanta, agus na himpleachtaí maidir le forálacha ábhartha i reachtaíocht ar feitheamh.

# Athbhreithniú ar an tuarascáil airgeadais agus feidhmíochta bliantúil

Cuirtear isteach ag an Oifigeach Cuntasaíochta Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach mar chuid de chuntas leithghabhála bliantúil na hOifige. Leagtar amach sa ráiteas seo an córas rialaithe airgeadais i mbun oibríochta mar aon le feabhsuithe atá á ndéanamh agus córais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe sin.

I gcomhréir leis an gcairt seo, rinne an coiste iniúchóireachta trácht ar an gcuntas leithghabhála 2022 a rinne an Oifig agus rinne siad athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach. Níl ról foirmiúil ag an gcoiste i dtaobh Ráiteas na hOifige ar Rialú Airgeadais Inmheánach a fhormheas, ach cuirtear tuairim in iúil bunaithe ar an eolas atá aige maidir leis na córais agus na rialuithe a ndéantar tagairt dóibh ann. Bhí an coiste iniúchóireachta sásta leis na léiriúcháin a rinneadh i Ráiteas 2022 ar Rialú Airgeadais Inmheánach a shínigh an tOifigeach Cuntasaíochta.

Áiríodh dréacht réamhfhoilsithe de thuarascáil feidhmíochta na hOifige 2022 i bpacáiste cruinnithe mhí an Mheithimh 2023 d'fhonn barúlacha a fháil.

## Iniúchóireacht sheachtrach

Maidir le cuntas leithghabhála 2022 a rinne an Oifig, rinne Crowe Ireland iniúchóireacht sheachtrach air faoi chonradh, arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin dlí. Tugadh tuairim neamhcháilithe.

Bhuail an coiste leis an iniúchóir seachtrach, a rinne tuairisc ar na príomhphointí ag eascairt as an iniúchóireacht ar chuntas leithghabhála 2022 agus chun plé a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta seachtraí gan bhainistíocht a bheith i láthair ag cruinniú mhí an Mheithimh.

## Athbhreithniú ar na huasdátaithe forbartha gnó

Ag gach cruinniú, sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta an coiste iniúchóireachta le huasdátú ar fhorbairtí gnó suntasacha. I measc na n-ábhar a clúdaíodh sna huasdátaithe sin le linn na bliana 2023, bhí

- teagmháil eagraíochtúil
- athraitheas buiséid agus réamh-mheastacháin airgeadais
- leibhéil foirne agus torthaí ceapacháin
- torthaí an chláir phíolótaigh maidir le hobair chumaisc agus leanúint leis an mbeartas
- athbhreithniú ar an bpríomhreachtaíocht a rialaíonn an Oifig
- feidhmíocht agus ionchas gnó
- teagmhais agus rioscaí slándála, lena n-áirítear uasdátaithe cibearshlándála
- torthaí suirbhé an chomhlachta a ndearnadh iniúchóireacht air
- athdheimhniú na hOifige mar Áit Iontach le hObair
- athbhreithniú meántéarma ar straitéis na hOifige
- pleanáil chomharbais don choiste iniúchóireachta, agus
- forbairtí corparáideacha eile, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais, gníomhaíochtaí chun comóradh céad bliain na hOifige a cheiliúradh, deimhniú ISO 27001 agus an treoir maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach.

## Conclúidí agus nótaí buíochais

Bunaithe ar an obair dá chuid le linn na bliana, mar a leagtar amach thuas, tá an coiste sásta gur chomhlíon sé a chuid dualgas de réir mar a threoraigh an chairt.

Bunaithe ar obair na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus árachais a soláthraíodh don choiste, tá an coiste sásta go soláthraíonn sé an leibhéal cuí árachais don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le comhlíonadh a hoibleagáidí cuntasaíochta.

Tá an coiste sásta freisin go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag an Oifig maidir lena chórais a mheas agus a mhionchoigeartú don rialú airgeadais, bainistíocht riosca, tuairisciú airgeadais, dearbhú cáilíochta iniúchóireachta, agus socruithe TFC agus tagarmharcanna iomchuí dea-chleachtais á gcur san áireamh.

Tugadh faoi deara ag an gcoiste an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana maidir le moltaí iniúchóireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm agus laghdú ó dheich mholadh oscailte an bhliain roimhe ag tús na bliana 2023, go sé faoi dheireadh na bliana. Tugadh faoi deara ag an gcoiste an dul chun cinn a rinne an feidhmeannach le linn na bliana i réimse bainistíochta taifead agus táthar ag tnúth le clabhsúr a chur ar mholtaí seanbhunaithe sa réimse sin.

Ba mhaith leis an gcoiste taifead a dhéanamh ar a bhuíochas as an tacaíocht iontach láidir a léirigh an fhoireann bainistíocha sinsearach agus aitheantas a thabhairt don chur chuige thar a bheith oscailte agus cuiditheach ón mbainistíocht maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna a ardaíodh le linn na bliana.

Tá an coiste, laistigh dá shainréimse, ag tnúth le tacaíocht a tabhairt don phróiseas suntasach feabhsaithe agus forbartha atá ag tarlú san Oifig.

John McCarthy: ______________________
Chairperson

Date: 27 February 2024

**Anne Vaughan:** ______________________

Dáta: 27 Feabhra 2024

**Geraldine Smith:** ______________________

Dáta: 27 Feabhra 2024

**Diane McGiffen:** ______________________

Dáta: 27 Feabhra 2024

**Daniel Lambauer:** ______________________

Dáta: 27 Feabhra 2024

# Cairt an choiste iniúchóireachta

## Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad seo cairt an choiste Iniúchóireachta mar a bunaíodh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar a comhaontaíodh idir an Oifig agus an Coiste iniúchóireachta.

## Ról an choiste

Maidir le ról an Choiste Iniúchóireachta, mar chuid d'athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais laistigh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an ról a bheidh ag an gcoiste ná

maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoibriúchán agus forbairt na feidhme sin

athbhreithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt faoi nósanna imeachta bainistíochta riosca na hOifige

trácht a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais agus feidhmíochta bliantúla na hOifige

tuairim neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta tríd an bpróiseas ina bhfaigheann sé/sí árachas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais a scrúdú agus comhairle a thabhairt ina dtaobh.

Níl aon ról ag an gcoiste maidir le bainistíocht feidhmiúcháin na hOifige a fhanann mar fhreagracht an Oifigigh Cuntasaíochta agus stiúrthóirí iniúchóireachta eile.

## Ballraíocht

Ceapfar an coiste ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige an coiste agus ní bheidh níos mó ná cúigear ann de réir mar a chinneann sé/sí i gcomhairle leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ceapfar cathaoirleach an choiste ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar bhealach comhchosúil. Beidh ceapacháin don choiste ar feadh tréimhse trí bliana, mura gcinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a mhalairt. D'fhéadfaí comhaltaí a athcheapadh tar éis trí bliana faoi réir uasmhéid théarma sé bliana.

Le comhaontú an Oifigigh Cuntasaíochta, agus do thréimhse a chomhaontófar leis an Oifigeach Cuntasaíochta, féadfaidh an coiste comhalta amháin eile a bhfuil saineolas acu a chomhthoghadh, má mheastar go bhfuil saineolas dá leithéid riachtanach chun an coiste a chumasú chun a chuid dualgas a chur i gcrích.

Faoi réir faomhadh an bhuiséid riachtanaigh ón Oifigeach Cuntasaíochta, féadfaidh an coiste comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg maidir le hábhair sonracha ó am go ham .

## Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais an choiste:-

an chairt do sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh uirthi lena chinntiú go ndéantar sainmhíniú soiléir maidir le feidhm, údarás, róil agus freagrachtaí agus caidrimh tuairiscithe aon duine bainteach i sannachán iniúchóireachta inmheánaí

trácht a dhéanamh ar thuarascálacha airgeadais agus feidhmíochta bliantúla na hOifige

athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtchlár iniúchóireachta inmheánaí agus comhairle a thabhairt ina thaobh, sula ndéanann an tOifigeach Cuntasaíochta é a chomhaontú

monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir lena chinntiú go mbainfear amach spriocanna iniúchóireachta

cuimsiú topaicí sa chlár tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí a iarradh de réir mar is iomchuí

meastóireacht a dhéanamh ar phróisis iniúchóireachta inmheánach agus seachtrach ag féachaint do thorthaí, moltaí agus freagraí bainistíochta

chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha ceartaitheacha comhaontaithe ag an mbainistíocht, ag breathnú ar iniúchóireachtaí leantacha chun forbairt dea-chleachtais a chothú go ginearálta maidir le stiúradh iniúchóireachta inmheánaí, bainistíochta riosca agus tuairiscithe sheachtraigh

comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach

- comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le ceanglais rialachais corparáideacha don Oifig
- comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le ceapachán iniúchóirí inmheánacha
- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas frithchalaoise na hOifige, mar aon le plean freagartha calaoise, clár calaoise agus socruithe d'fhiosrúcháin speisialta
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an choiste féin, agus torthaí an athbhreithnithe a thuairisciú don Oifigeach Cuntasaíochta.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Obair Iniúchóireachta Inmheánaí

De bharr cineál agus méid na hOifige, soláthraítear iniúchóireacht inmheánach ar bhonn conartha. Déanfaidh an coiste athbhreithniú ar a laghad uair sa bhliain ar ghníomhaíochtaí a ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta.

## Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Déanfaidh an coiste aon tuarascáil a bhreithniú, lena n-áirítear torthaí agus tráchtanna maidir le Cuntas Leithghabhála na hOifige a fhoilsítear i dtuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála nó aon litir nó tuarascáil bhainistíochta ón iniúchóir a cheapann sé faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

## Cruinnithe

Reáchtálfar cruinnithe coiste ceithre uair sa bhliain féilire ar a laghad. Beidh córam triúir ar a laghad ag teastáil do gach cruinniú agus sa chás go bhfuil an cathaoirleach as láthair do chruinniú áirithe, comhaontóidh an coiste cén comhalta a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú sin.

Féadfaidh an coiste iarraidh ar aon duine a tugadh conradh dóibh chun sannachán iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích freastal ar an gcruinniú. Beidh an t-údarás ag an gcoiste freisin iarraidh ar Stiúrthóirí nó Leas-Stiúrthóirí freastal ar chruinnithe coiste dá leithéid, de réir mar a mheasann sé is gá leis.

Ar a laghad uair sa bhliain, tabharfaidh an coiste cuireadh don iniúchóir a cheap an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 chun bualadh leo chun cúrsaí leasa fhrithphháirtigh a phlé, lena n-áirítear a chur chuige iniúchóireachta.

## Nósanna Imeachta Oibre

Glacfaidh an coiste a gcuid nósanna imeachta oibre féin.

## Rochtain

Beidh ceart rochtana ag an gcathaoirleach nó aon duine eile ag feidhmiú le húdarás an chathaoirligh d'Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige nó Stiúrthóirí na hOifige eile.

Beidh rochtain saor agus faoi rún ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar Chathaoirleach an choiste iniúchóireachta.

## Tuairisciú

Tuairisceoidh an coiste go foirmiúil chuig an Oifigeach Cuntasaíochta laistigh de thrí mhí tar éis deireadh gach bliain féilire maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuirfear comhairle agus moltaí ar fáil mar a mheasfaidh sé is iomchuí.

## Athbhreithniú/Leasú ar an gcairt

Déanfar athbhreithniú ar an gcairt seo ar bhonn tréimhsiúil, de réir mar is gá, ach ar a laghad uair amháin gach dara bliain.

| John McCarthy | Colette Drinan |
|---|---|
| **An tUasal John McCarthy Cathaoirleach An Coiste iniúchóireachta** | **Colette Drinan, Uasal, Oifigeach Cuntasaíochta** |
| **Dáta:** 15 Meitheamh 2023 | **Dáta:** 21 Meitheamh 2023 |

Aguisín B

# Cairt iniúchóireachta inmheánaí

### Réamhrá

Leagtar an fhreagracht ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun tacú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna bunreachtúla arna dtabhairt go reachtach.

Leagtar amach sa chairt seo, feidhm, údarás agus freagracht duine a cheaptar chun athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí sonrach a chur i gcrích maidir le hidirbhearta a próiseáladh nó feidhmeanna a bhain an Oifig amach.

Cuirfear gach sannachán iniúchóireachta inmheánaí i gcrích faoi chonradh, de bhun clár obair iniúchóireachta arna tharraingt suas ag an Oifigeach Cuntasaíochta tar éis comhairliúcháin leis an gcoiste Iniúchóireachta.

### Cuspóir an tSannacháin Iniúchóireachta Inmheánaí

Soláthrófar árachas agus moladh neamhspleách, oibiachtúil le gach sannachán a cheaptar chun luach agus feabhas a chur le hoibriúcháin na hOifige. An aidhm ghinearálta a bheidh ann ná cuidiú leis an Oifig na cuspóirí sonraithe ina Ráiteas Straitéise agus Pleananna Gnó a bhaint amach trí athbhreithniú córasach agus críochnúil a chur i gcrích ar éifeachtúlacht bainistíochta riosca, rialú, próisis rialachais agus feidhmíocht laistigh den scóip a shonraítear sna téarmaí tagartha do gach sannachán.

### Ról agus Freagrachtaí

Tá breithmheas neamhspleách bhainistíocht na bhfeidhmeanna a shonraítear d'athbhreithniú i ngach sannachán, deartha go príomha chun árachas a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta na hOifige agus é/í a chumasú chun a d(h)ualgas a chomhlíonadh ar son na hOifige faoi Alt 19 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is ar na bainisteoirí líne atá an phríomhfhreagracht do rialú inmheánach. Caithfidh siad a chinntiú, gan aird a thabhairt ar ghníomhaíocht iniúchóireachta, gur ann do shocruithe rialaithe iomchuí agus leordhóthanacha ina réimse freagrachta. Is é ról iniúchóireachta inmheánaí ná breithmheas a thabhairt maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na socruithe sin agus moltaí a dhéanamh d'fheabhsuithe mar is cuí . Is ar an mbainistíocht líne lena mbaineann atá an phríomhfhreagracht iomlán maidir le cur i bhfeidhm na moltaí iniúchóireachta freisin.

Trí na sannacháin a chur i gcrích, feidhmeoidh duine a cheaptar chun feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích go gairmiúil agus go heiticiúil agus cloífidh sé/sí le *Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí do Ranna agus d'Oifigí Rialtais* a foilsíodh i mí na Nollag 2018 ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Socraítear leis na caighdeáin seo go bhfuil *Na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí* de chuid Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha i bhfeidhm ar fud gach sealbhóir vóta. Maidir leis an iniúchóir a cheapfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, beidh rochtain ag aon duine dá leithéid air nó uirthi agus comhoibreoidh an duine leis nó léi, faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

### Údarás agus Scóip

Tugann an tOifigeach Iniúchóireachta údarás do na sannacháin iniúchóireachta inmheánaí i Ranna agus Oifigí Rialtais lárnacha agus cuirtear i gcrích iad faoi mhaoirseacht ghinearálta agus treoir an Choiste Iniúchóireachta. Tá duine ceaptha go cuí chun feidhmeanna dá leithéid a chur i gcrích údaraithe chun rochtain iomlán a bheith acu ar thaifid na hOifige (de láimh agus leictreonach), réadmhaoin fhisiciúil agus daoine ábhartha chun an t-athbhreithniú a chur i gcrích. Beidh duine dá leithéid freagrach as taifid agus ábhair eile a chosaint a chuirfí de chúram air/uirthi. Beidh duine dá leithéid in ann dul i muinín an Oifigigh Cuntasaíochta le linn sannacháin.

### Neamhspleáchas

D'fhonn oibiachtúlacht agus neamhspleáchas a chaomhnú, le gach sannachán, ní áireofar aon fhreagrachtaí oibríochtúla do na gníomhaíochtaí atá á scrúdú agus beifear neamhspleách ina leith. Féadfaidh sé, má mheasann an tOifigeach Cuntasaíochta is iomchuí, áfach, cuimsiú d'athbhreithniú na gcóras atá á bhforbairt agus comhairle a thabhairt ar rialuithe iomchuí gan dochar a dhéanamh dá cheart chun iniúchóireacht a dhéanamh ar chórais dá leithéid ina dhiaidh sin.

### Cur chuige - sannacháin iniúchóireachta

Leis an Iniúchóireacht Inmheánach, agus an timpeallacht rialaithe á cur san áireamh, i gcoitinne, glacfaidh sí cur chuige córasbhunaithe maidir leis na hiniúchóireachtaí a ndearnadh forlíonadh orthu, nuair is cuí, trí úsáid a bhaint as tástáil idirbhearta agus modhanna fíoraithe traidisiúnta ar bhonn sampla.

Cuirfear bainisteoirí réimsí le hiniúchóireacht a dhéanamh orthu ar an eolas, nuair is féidir, roimh ré. Le linn iniúchóireachta, beidh sé de cheangal ar bhainistíocht agus ar an bhfoireann comhoibriú go hiomlán le ceanglais an iniúchóra.

### Rochtain

Beidh rochtain saor agus faoi rún ag an Iniúchóir Inmheánach ar chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

### Tuairisciú agus ábhar leantach

I ngach tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí, díreofar ar nósanna imeachta agus rialaithe agus torthaí . Nuair a chuirtear iniúchóireacht i gcrích, cuirfear na torthaí in iúl do bhainistíocht agus d'fhoireann an réimse a rinneadh iniúchóireacht air d'fhonn tuairimí a fháil. Déanfar na tuairimí seo a bhreithniú agus déantar taifead orthu sa tuarascáil deiridh. Cuirfear cóipeanna den tuarascáil deiridh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta, an coiste iniúchóireachta agus bainisteoirí líne ábhartha eile.

Féadfaidh nósanna imeachta "leantacha" a chur i gcrích trí theagmháil ar leithligh arna choimisiúnú ag an Oifigeach Cuntasaíochta, a bhfuil sé mar aidhm acu a dhearbhú go bhfuil an ghníomhaíocht chuí á déanamh ag bainistíocht tar éis na dtorthaí agus moltaí a tuairiscítear agus cuirfear i gcrích iad taobh istigh de scála ama a chinnfidh an Coiste iniúchóireachta.

### Leasú ar an gcairt

Coimeádfar an chairt seo faoi athbhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus féadfaidh leasú nó uasdátú a dhéanamh uirthi i gcomhairliúchán comhpháirteach idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste iniúchóireachta. Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo ar a laghad uair amháin gach dara bliain.

| | |
|---|---|
| John McCarthy | Colette Drinan |
| **An tUasal John McCarthy Cathaoirleach An Coiste iniúchóireachta** | **Colette Drinan, Uasal, Oifigeach Cuntasaíochta** |
| **Dáta:** 15 Meitheamh 2023 | **Dáta:** 21 Meitheamh 2023 |